2024/2222

10.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2222 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn I – Parlaimint na hEorpa

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 ([1]),

— ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM (2023)0391 – C9-0248/2023) ([2]),

— ag féachaint don tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais don bhliain airgeadais 2022, Roinn I – Parlaimint na hEorpa ([3]),

— ag féachaint do thuarascáil bhliantúil an Iniúchóra Inmheánaigh don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022, mar aon le freagraí na n-institiúidí ([4]),

— ag féachaint don ráiteas dearbhaithe ([5]) i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 314(10) agus d'Airteagal 318 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([6]), agus go háirithe Airteagail 260, 261 agus 262 de,

— ag féachaint do chinneadh ón mBiúró an 10 Nollaig 2018 maidir leis na Rialacha Inmheánacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe Airteagal 34 de,

— ag féachaint do Riail 100 agus Riail 104(3) agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0067/2024),

A. de bhrí gur ghlac an tUachtarán cuntais Pharlaimint na hEorpa don bhliain airgeadais 2022 an 22 Meitheamh 2023;

B. de bhrí gur thug an tArd-Rúnaí, mar an príomhoifigeach údarúcháin trí tharmligean, dearbhú réasúnach, an 26 Meitheamh 2023, gur úsáideadh na hacmhainní a sannadh do bhuiséad Pharlaimint na hEorpa chun na críche a bhí beartaithe leo, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, agus go dtugann na nósanna imeachta rialaithe a bunaíodh na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart;

([1]) IO L 45, 24.2.2022, lch. 1.
([2]) IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
([3]) IO C 210, 15.6.2023, lch. 1.
([4]) IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
([5]) IO C, C/2023/112, 12.10.2023.
([6]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

C. de bhrí gur luaigh an Chúirt Iniúchóirí san iniúchadh uaithi nár aimsigh sí, sa mheasúnú sonrach a rinne sí ar an gcaiteachas riaracháin agus caiteachas eile in 2022, aon laigí tromchúiseacha i dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí a scrúdaigh sí mar a cheanglaítear le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046;

D. de bhrí go gceanglaítear le hAirteagal 262(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ar gach institiúid de chuid an Aontais gach céim iomchuí a ghlacadh chun gníomhú de bhun na mbarúlacha a ghabhann leis an gcinneadh maidir le hurscaoileadh ó Pharlaimint na hEorpa;

1. ag deonú urscaoileadh dá hUachtarán i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Pharlaimint na hEorpa don bhliain airgeadais 2022;

2. Ag leagan amach a barúlacha sa rún seo anseo ina dhiaidh seo;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

An tUachtarán
Roberta METSOLA

An tArdrúnaí
Alessandro CHIOCCHETTI